An Coimisiún Eorpach

# BUISÉAD AE DON TODHCHAÍ

#EUBudget #EURoad2Sibiu #FutureofEurope

2 Bealtaine 2018

# FORBAIRT RÉIGIÚNACH AGUS COMHTHÁTHÚ

## CÉN FÁTH A BHFUIL TOSAÍOCHT Á TABHAIRT DON RÉIMSE SEO?

Tá an Beartas Comhtháthaithe ar an bpríomhbheartas infheistíochta atá ag an Aontas Eorpach toisc ról tábhachtach a bheith ag an Aontas i gcruthú fostaíochta agus i gcur chun cinn an fháis inbhuanaithe agus na nuálaíochta i réigiúin éagsúla na hEorpa. Cabhraíonn an beartas sin le comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach an Aontais. Cé go bhfuil geilleagar na hEorpa ag téarnamh, tá éagsúlachtaí ann go fóill idir na Ballstáit agus idir réigiúin laistigh de Bhallstáit.

Faoi láthair, teastaíonn tuilleadh tacaíochta ó Bhallstáit agus ó réigiúin le go bhféadfaidh siad tabhairt faoi dhúshláin nua dhianseasmhacha, e.g. leas a bhaint as an domhandú, déileáil leis an athrú tionsclaíoch, glacadh leis an nuálaíocht agus an digitiú, an imirce a bhainistiú go fadtéarmach agus an t-athrú aeráide a chomhrac.

Trí chistí an bheartais comhtháthaithe a bhainistiú i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus na réigiúin, leanfar den dlús atá á chur leis an gcóineasú eacnamaíoch agus leis an gcomhtháthú sóisialta. Rachaidh sin chun sochair thimpeallacht na hinfheistíochta san Eoraip freisin.

## CAD A CHIALLAÍONN SIN Ó THAOBH COSTAIS DE?

### CISTE FORBRAÍOCHTA RÉIGIÚNAÍ AGUS CISTE COMHTHÁTHAITHE NA HEORPA

**Buiséad €273 bhilliún**

- infheistíocht sa taighde agus sa nuálaíocht
- tacaíocht do ghnólachtaí beaga
- tacaíocht don athrú go geilleagar ísealcharbóin
- tacaíocht do líonraí digiteacha, fuinnimh agus iompair
- maoiniú do bhonneagar níos fearr sláinte, oideachais agus sóisialta agus d'fhorbairt uirbeach inbhuanaithe

### CISTE SÓISIALTA NA HEORPA+

**Buiséad €101 bhilliún**

- infheistíocht i ndaoine
- deiseanna níos cothroime a chinntiú do chách
- maoiniú do scileanna, fostaíocht le haghaidh daoine óga agus cuimsiú sóisialta

## GNÉITHE NUA ATÁ SNA TOGRAÍ ÓN GCOIMISIÚN

- **Nasc níos dlúithe leis an Seimeastar Eorpach**. Spreagfaidh sé sin cláreagrú agus faireachán na gcistí, rud a thacóidh le hathchóirithe atá fóirsteanach d'fhás an gheilleagair.
- **Creat simplithe agus níos lú maorlathais** dóibh siúd a fhaigheann maoiniú as na cistí.
- **Cur chuige níos oiriúnaithe maidir leis an bhforbairt réigiúnach**.
    - Fágfaidh rátaí náisiúnta cómhaoinithe níos airde go mbeidh úinéireacht níos fearr ann agus go spreagfar caiteachas fiúntach.
    - Is é an t-ioncam coibhneasta in aghaidh an duine a bheidh ar an gcritéar is tábhachtaí i gcónaí maidir le cistí a leithdháileadh, cé go gcuirfear tosca eile ar nós na dífhostaíochta agus an athraithe aeráide san áireamh freisin.

## CAÍONNA EILE A NDÉANFAIDH AN BUISÉAD NUA DIFEAR SA RÉIMSE SEO

- Bainfear leas as **clár tacaíochta nua feabhsaithe um athchóiriú**, ar chostas **€25 bhilliún**, chun dreasachtaí le haghaidh athchóirithe tábhachtacha a chruthú sna Ballstáit go léir le go mbeidh na coinníollacha cearta ann le go gcruthófar poist, fás agus infheistíocht.
- Bainfear leas freisin as an g**Ciste InvestEU**, ciste nua a bhfuil buiséad **€15.2 billiún** in áirithe dó agus a d'fhéadfadh **€650 billiún** d'infheistíocht bhreise a spreagadh. Leis an gCiste sin déanfar ionstraimí airgeadais atá ann cheana a chuíchóiriú le nach mbeidh ach struchtúr amháin ann agus cuirfear borradh leis an infheistíocht i réimsí straitéiseacha ar nós an taighde agus na nuálaíochta, líonraí digiteacha agus an gheilleagair ísealcharbóin ar fud na hEorpa.
- Mar chomhlánú ar an tacaíocht a thugtar don lánpháirtíocht shóisialta faoin mbeartas comhtháthaithe, déanfar **an Ciste Tearmainn agus Imirce**, a bhfuil buiséad **€10.4 billiún** ann dó, a dhíriú ar riachtanais ghearrthéarmacha na n-imirceach agus iad tar éis teacht chuig an Aontas Eorpach.

## NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

| 02/05 2018 | 29/05 2018 | 28-29/ 06/2018 | 12/09 2018 | 18-19/ 10/2018 | 13-14/ 12/2018 | 21-22/ 03/2019 | 09/05 2019 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Pacáiste maidir le Creat Airgeadais Ilbhliantúil tar éis 2020** | **Tograí reachtacha earnála maidir le cláir chaiteachais** | An Chomhairle Eorpach | **Aitheasc an Uachtaráin Juncker faoi Staid an Aontais** | An Chomhairle Eorpach | An Chomhairle Eorpach | An Chomhairle Eorpach | Cruinniú Mullaigh Sibiu |

Print ISBN 978-92-79-84439-3 doi:10.2775/842880 NA-02-18-461-GA-C
PDF ISBN 978-92-79-84435-5 doi:10.2775/0188 NA-02-18-461-GA-N